**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10404 — PHOENIX / MCKESSON)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 76/08)

1. An 9 Feabhra 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Phoenix Pharmahandel GmbH & Co KG (an Ghearmáin, dá ngairtear "Phoenix" anseo feasta) atá á rialú ag Phoenix Pharma SE, agus

— McKesson Europe Holdings GmbH & Co. KGaA (an Ghearmáin, dá ngairtear "McKesson Europe" anseo feasta), a bhaineann le McKesson Corporation.

Gheobhaidh Phoenix, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, rialú ar chodanna de McKesson Europe.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Oibríonn Phoenix mar sholáthraí comhtháite cúraim sláinte sa Ghearmáin agus i dtíortha Eorpacha eile. Is é príomhghnó Phoenix, earraí cógaisíochta a dháileadh i miondíol agus i mórdhíol cógaisíochta,

— Comhlacht cógaisíochta mórdhíola agus miondíola a chuireann lóistíocht agus seirbhísí ar fáil in earnáil an chúraim sláinte is ea McKesson Europe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10404 — PHOENIX / MCKESSON

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 An Bhruiséil
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").